# AGUISÍN A GHABHANN LEIS AN nGLAO AR LÉIRIÚ SPÉISE LE hAGHAIDH BAILL FOIRNE AR CONRADH

1. Ar leathanach 3, i Roinn 2 'Forálacha bunúsacha', cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (3):

   "(3) Féadfaidh na hiarrthóirí iarratas a dhéanamh ar phróifíl amháin nó níos mó, agus/nó ar ghrúpa feidhme amháin nó níos mó, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na coinníollacha incháilitheachta. Mar sin féin, ní fhéadfaidh iarrthóir ach iarratas amháin a chur isteach i dtaca le grúpa feidhme ar leith den phróifíl chéanna."

2. Ar leathanach 5, i Roinn 4.3 'Iarratas', cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (1):

   "(1) Is glao ar léiriú spéise gan foirceann é seo **nach bhfuil aon sprioc-am le hiarratais a dhéanamh** ag dul leis mura bhfuil a mhalairt sonraithe ar shuíomh gréasáin EPSO. Féadfaidh na hiarrthóirí iarratas a dhéanamh tráth ar bith ar aon cheann de na grúpaí próifíle nó feidhme a bhfuil siad incháilithe dó. Mar sin féin, ní fhéadfaidh iarrthóir ach iarratas amháin a chur isteach i dtaca le grúpa feidhme ar leith den phróifíl chéanna. Is féidir an t-iarratas/na hiarratais a athoscailt, a athrú agus a bhailíochtú tráth ar bith."

3. Ar leathanach 9, i Roinn 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad 'Dícháiliú nó eisiamh sealadach':

   **"7. NEAMHBHAILÍOCHTÚ AN tSEISIÚIN TÁSTÁLA AGUS EISIAMH SEALADACH**

   (1) Déanfar iarrthóir a eisiamh go sealadach ó phróisis roghnúcháin CAST Buan más rud é:

   (a) Go ndearna sé aon dearbhú bréagach nó aon dearbhú gan tacaíocht leis;

   (b) Go ndearna sé níos mó ná iarratas amháin a chur isteach i dtaca le grúpa feidhme ar leith den phróifíl chéanna.

   (2) Déanfar seisiún na dtrialacha a neamhbhailíochtú i gcás iarrthóra más rud é:

   (a) Go ndearna sé séitéireacht le linn trialach;

   (b) Nár chomhlíon sé na treoracha tástála, i gcás inar luadh go sainráite sna treoracha sin go bhféadfadh neamhbhailíochtú an tseisiúin tástála a bheith ina thoradh ar neamh-chomhlíonadh.

   (3) Chun críocha an Ghlao seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

   (a) Ciallaíonn 'neamhbhailíochtú an tseisiúin tástála' go measfar nár tharla an seisiún, agus go rachaidh stádas an iarrthóra ar ais chuig an stádas a bhí aige sular chuir an tseirbhís earcaíochta ar an ngearrliosta é.

   (b) Ciallaíonn 'eisiamh sealadach' iarratais an iarrthóra a shocrú ar an stádas 'níl an t-iarrthóir ar fáil' a shocrú ar feadh tréimhse bliana.

   (4) Dlitear ar iarrthóirí ar phost in institiúidí an Aontais Eorpaigh gníomhú go sár-ionraic iontaofa. Is féidir go ngearrfar pionós ar iarrthóirí agus go ndéanfar dochar dá n-

incháilitheacht má dhéanann siad calaois nó iarracht ar chalaois.”